Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn 2019-2022

## Dréacht den Bheartas don Chomhairliúchán Poiblí

## *Maidir leis an gComhairliúchán*

Tá gealltanas tugtha ag an Rialtas chun Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta a fhorbairt agus a fhoilsiú *(féach Gníomh 99 den Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe)*. An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail atá ag stiúradh fhorbairt an bheartais seo agus tá taighde deisce, ceardlanna agus comhairliúcháin le go leor páirtithe leasmhara le linn tréimhse 18 mí mar bhonn agus mar thaca aige.

Tá dréacht den Bheartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta foilsithe ag an Roinn anois le haghaidh comhairliúchán poiblí. Is ón **23 Aibreán go dtí an 14 Bealtaine 2019** a bheidh an tréimhse comhairliúcháin ar siúl.

## *An bealach le bheith rannpháirteach*

Is é an bealach atá molta ná ríomhphost a sheoladh chuig: **SEConsultation@drcd.gov.ie**.

Nó mar mhalairt air sin, is féidir freagraí a sheoladh ar an bpost chuig:

**Comhairliúchán ar an mBeartas maidir le Fiontraíocht Shóisialta,**
**An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail,**
***Trinity Point,***
**10-11 Sráid Laighean Theas,**
**Baile Átha Cliath 2**,
**D02 EF85**

Cuir do chuid sonraí teagmhála iomlána agus ainm na heagraíochta nó an eintitis a bhfuil tú ag cur freagra ar aghaidh thar a ceann nó a cheann, más cuí.

Ba chóir aighneachtaí a choinneáil chomh gonta agus is féidir agus gan dul thar 10 leathanach i gcás ar bith. Ní bhreithneofar aon aighneachtaí a fhaightear i ndiaidh an dáta deiridh an 14 Bealtaine 2019.

## *Saoráil Faisnéise*

Ba chóir do fhreagróirí a thabhairt ar aird go bhfuil an Roinn faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 agus faoi réir na reachtaíochta Cosanta Sonraí.

Níor chóir aon fhaisnéis phearsanta, faoi rún nó atá íogaireach ar bhonn tráchtála a bheith i d'aighneacht agus glacfar leis gur féidir an fhaisnéis ar fad atá i d'aighneacht a scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

## *Cad a dhéanfaimid le do fhreagra?*

Beidh na freagraí ina lón eolais don Bheartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta atá le hullmhú.
D'fhéadfaí aon aighneacht a fhaightear a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne.

# Clár an Ábhair


Maidir leis an gComhairliúchán ........ 1

An bealach le bheith rannpháirteach ........ 1

Saoráil Faisnéise ........ 1

Cad a dhéanfaimid le do fhreagra? ........ 1

**1. Réamhrá ........ 3**

Buneolas ........ 3

Fiontar Sóisialta agus a chomhthéacs ........ 3

An chúis atá leis an mBeartas seo a fhoilsiú ........ 4

Beartas Nua maidir le Ré Nua ........ 6

**2. Buntuiscint maidir le Fiontair Shóisialta ........ 8**

Sainmhíniú ar Fhiontar Sóisialta ........ 8

An Fhiontraíocht Shóisialta Thar Lear ........ 9

An Fhiontraíocht Shóisialta in Éirinn ........ 10

Fiontraíocht Shóisialta agus Nuálaíocht Shóisialta ........ 12

Sinéirge le gnás traidisiúnta na n-eagraíochtaí Pobail agus Deonacha ........ 12

Cúnamh Taca ar an Leibhéal Áitiúil ........ 13

**3. Aidhmeanna Beartais a leagan síos ........ 15**

Freastal do riachtanais na bhFiontar Sóisialta ........ 15

Comhdhlús freagrachta maidir leis an bhfiontraíocht shóisialta ........ 16

**4. Aidhm Polasaí a hAon - Aird agus Tuiscint ar Fhiontraíocht Shóisialta a Chothú ........ 17**

Ról na bhFiontar Sóisialta maidir le haird agus tuiscint a chothú ........ 17

Fiontair shóisialta a thionscnamh ........ 19

**5. Aidhm Polasaí a Dó - Fiontar Sóisialta a Chothú agus a Neartú ........ 22**

Comhthéacs ........ 22

Cúnamh taca gnó d'fhiontair shóisialta ........ 22

Cúrsaí Ceannródaíochta agus Cúrsaí Rialachais ........ 23

Teacht ar Airgead agus ar Chistíocht ........ 25

Deiseanna Margaidh ........ 26

**6. Aidhm Polasaí a Trí - Comhleanúnachas Beartais níos Fearr a Bhaint Amach ........ 28**

Ceangal le beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta ........ 28

Sonraí agus Tionchar ........................................................................................ 29
**7. Cur i bhFeidhm an Bheartais agus Cúrsaí Maoirseachta ........................................ 31**

# 1. Réamhrá

## *Buneolas*

Cuireadh an Roinn Forbartha Tuaithe Agus Pobail ar bun i mí Iúil 2017 chun freastal do bhéim faoi leith in athuair ar fhorbairt tuaithe agus pobail in Éirinn. Is é is Misean don Roinn *"forbairt tuaithe agus pobail a chur chun cinn agus tacú le pobail bheoga, chuimsitheacha agus inbhuanaithe ar fud na hÉireann".*

Ag teacht leis an Misean sin, tá ar phríomhaidhmeanna na Roinne creat beartais a chur ar bun maidir le forbairt ar an earnáil neamhbhrabúis agus chomh maith le réimse iomlán de bhearta taca oiriúnacha d'eagraíochtaí na hearnála sin ionas go gcuirtear leis an acmhainn seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do phobail, dul i ngleic le ceisteanna sóisialta agus cion tairbhe a dhéanamh maidir le sochaí níos cothroime agus níos soicheallaí.

Féachtar in earnáil na n-eagras neamhbhrabúis le haidhmeanna sóisialta a thabhairt i gcrích trí chineálacha éagsúla eagraíochtaí, ina measc eagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí deonacha, carthanais, nuálaithe sóisialta agus fiontair shóisialta. Bíonn bearta cúnta de chineálacha éagsúla de dhíth ag tráthanna éagsúla ar na heagraíochtaí éagsúla sin ionas gur féidir leo an leas is mó a dhéanamh tríd an tseirbhís a chuirtear ar fáil a fheabhsú chomh maith leis an acmhainn eagrúcháin a neartú.

Tá an *Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn* ar cheann de shraith tionscnamh chun treisiú le heagraíochtaí neamhbhrabúis. Ar na tionscnaimh beartais eile, áirítear *An Straitéis chun Tacú le hEarnáil na nEagraíochtaí Pobail agus Deonacha in Éirinn* agus an *Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta* nua. Tá de rún gach ceann de na tionscnaimh sin a sheoladh i rith na bliana 2019. Is iad na heagraíochtaí féin is fearr a bheidh i riocht roghnú idir na bearta taca a chuirtear ar fáil faoi scáth na dtionscnamh sin ionas go roghnaítear na cinn is mó a chuidíonn lena bhforbairt.

## *Fiontar Sóisialta agus a chomhthéacs*

Toradh sóisialta a thabhairt i gcrích a bhíonn d'aidhm le Fiontair Shóisialta seachas brabús a ghnóthachtáil d'úinéirí nó do gheallsealbhóirí.

Tugtar faoi na haidhmeanna sin a bhaint amach trí dul i mbun trádála - nó féachaint le trádáil a dhéanamh - go seasta leanúnach trí earraí agus/nó seirbhísí a chur ar fáil agus trí athinfheistiú, ar mhaithe leis na haidhmeanna sóisialta a thabhairt i gcrích, a dhéanamh

ar aon bharrachas a shaothraítear. Bord de chomhaltaí deonacha a dhéanann iad a rialú ar bhealach freagrach follasach.

Is iad na saintréithe sin a fhágann fiontar sóisialta éagsúil le gnáthfhiontar ar mhaithe le brabús a ghnóthú. Is minic a fhágann an chodarsnacht sin eatarthu gur deacair ag fiontar sóisialta cúnamh de na cineálacha a bhíonn ar fáil ag fiontair eile a thapú d'fhonn feabhas a chur ar na córais gnó. Tá aird tarraingthe go minic ag geallsealbhóirí ar an ngá atá le teacht níos fearr ag fiontair shóisialta ar bhearta cúnta cuí agus is d'fhonn an t-easnamh ina leith sin a chúiteamh atá an beartas seo á leagan amach.

Is cuid den eacnamaíocht shóisialta go ginearálta na fiontair shóisialta[1] agus déanann siad cion mór tairbhe maidir leis an dul chun cinn i gcúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta in Éirinn trí phoist a chruthú agus trí réimse leathan seirbhísí a chur ar fáil maidir le cúram baile, cúram linbh, spreagadh fostaíochta, miondíolachán, fáilteachas agus lónadóireacht, seirbhísí timpeallachta agus tithíocht shóisialta. Bíonn an nuáil agus an fhiontraíocht ag rith leo agus is mó ná riamh atá de nós leo leas a bhaint as cineálacha nua teicneolaíochta agus as modhanna cruthaitheacha chun tabhairt faoi dheacrachtaí sóisialta, socheacnamaíochta agus timpeallachta.

I bhfianaise a bhfuil de bhéim ag fiontair shóisialta ar thoradh sóisialta a thabhairt i gcrích, déanann siad tairbhe mhór maidir le spriocanna beartais an Rialtais a thabhairt i gcrích i réimsí éagsúla, mar shampla an margadh saothair a mhúscailt, cúram sláinte, ionchuimsiú sóisialta agus tithíocht. Tá fiontair shóisialta go leor a oibríonn as lámh a chéile le comhlachtaí poiblí maidir le seirbhísí a chur ar fáil. Is minic a chuireann siad seirbhísí ar fáil nach gcuirfeadh an Stát ná soláthraithe san earnáil phríobháideach ar fáil murach sin.

### *An chúis atá leis an mBeartas seo a fhoilsiú*

Ainneoin an ról tábhachtach atá leo maidir le seirbhísí a chur ar fáil don duine aonair agus don phobal, níl fiontair shóisialta in Éirinn tagtha in inmhe go hiomlán go fóill agus tá fáthanna éagsúla leis sin, agus easnamh maidir le creat soiléir beartais trína gcuirfí bonn daingean faoina bhforbairt ar cheann de na fáthanna sin. Fágann easpa tuisceana freisin ar a bhfuil i gceist le fiontar sóisialta agus ar a ndéanann fiontar sóisialta gur beag an aird atá go ginearálta in Éirinn ar fhiontair shóisialta le tamall anuas agus gur deacair sonraí iontaofa a chnuasach maidir leis an tairbhe sóisialta agus eacnamaíochta a thagann dá mbarr.

[1]Tugtar comharchumainn, cumainn comhshochair, comhlachtaí neamhbhrabúis, fondúireachtaí agus fiontair shóisialta san áireamh leis an 'Eacnamaíocht Shóisialta'. Is é a bhíonn de phríomhaidhm ag fiontair sheanbhunaithe na heacnamaíochta sóisialta, fónamh a dhéanamh do na comhaltaí seachas gnóthachtáil ar an infheistíocht a thabhairt i gcrích mar a dhéanann gnáthchuideachtaí de na seanchineálacha.

Le deich mbliana anuas, táthar ag éileamh go gcuirfeadh an Rialtas bearta cúnta ar bun maidir leis an bhforbairt ar fhiontair shóisialta. I dtuarascáil de chuid Forfás sa bhliain 2013[2] maidir leis an acmhainn ionchais agus na deiseanna a bhainfeadh le fiontair shóisialta in Éirinn, tugadh chun suntais go raibh gá le beartas de chuid an Rialtais a leagan amach, maille le soláthar don mhaoirseacht agus don chomhordú cuí, sula dtiocfadh forás ar an earnáil. Go dtí le tamall beag anuas, bhí na bearta cúnta maidir le fiontar sóisialta scaipthe ar fud Ranna éagsúla Rialtais agus d'fhág sin doiléire maidir leis an eagras a bheadh freagrach as aon bheartas maidir le fiontar sóisialta.

I mi Iúil 2017, leag an Rialtas an fhreagracht as an mbeartas i ndáil le fiontar sóisialta ar an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ag tráth a bunaithe. Áirítear ar aidhmeanna straitéise na Roinne an fhorbairt shóisialta agus eacnamaíochta ar phobal na tuaithe agus ar phobal na mbailte móra agus na gcathracha araon a chur chun cinn agus a chur ar chumas phobal atá faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar shuíomh nó mar gheall ar cheisteanna sóisialta a theacht chun cinn oiread agus a bheadh i ndán.

Fágann an fhreagracht as fiontair shóisialta a leagan ar an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail deis seachas mar a bhí ar fáil go dtí seo an beartas maidir le fiontair shóisialta a leagan amach ar bhealach comhordaithe slánchóirithe in éineacht leis an mbeartas maidir leis an earnáil neamhbhrabúis go ginearálta, *An Plean Gníomhaíochta chun Tacú le hEarnáil na nEagraíochtaí Pobail agus Deonacha in Éirinn* agus an *Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta* nuacheaptha san áireamh. Ar a n-áireamh in éineacht, beidh réimse cuimsitheach de bhearta cúnta ar fáil faoi bheartais na Roinne ag eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil don phobal nó a théann i ngleic le ceisteanna sóisialta cibé an trí mhodhanna oibre seanbhunaithe na n-eagraíochtaí pobail agus na n-eagraíochtaí deonacha atá sin ar siúl acu nó le cur chuige an fhiontair shóisialta.

Is é atá d'aidhm ag an Rialtas leis an m*Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn*, cuidiú le córas na bhfiontar sóisialta a thabhairt chun cinn in Éirinn agus tairbhe a dhéanamh maidir leis an dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíochta. Fágfaidh an Beartas seo a chur i bhfeidhm go mbeidh deiseanna nua ar fáil ag fiontair shóisialta dul i ngleic le cruacheisteanna i gcúrsaí sóisialta agus i gcúrsaí timpeallachta, leas a dhéanamh maidir le pobal na háite i gcomharsanachtaí ar fud na tíre a athspreagadh agus cúnamh taca a thabhairt do chuid mhór díobh siúd is mó atá i mbaol sa tsochaí.

Tá de rún, ar an leagan deiridh den Bheartas a aontú, go mbeadh sraith gealltanas de chuid an Rialtais ag baint leis a thabharfar i gcrích i gcomhar páirtnéireachta le geallsealbhóirí fiontraíochta sóisialta i rith na mblianta atá romhainn agus a chuirfidh bonn treise faoi chóras beo bríomhar den fhiontraíocht shóisialta in Éirinn. An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a dhéanfaidh an comhordú lárnach ar an obair faoin mbeartas.

---

[2]https://www.tcd.ie/business/assets/pdf/centre-social-engagement/23072013-Social_Enterprise_in_Ireland-Sectoral_Opportunities_and_Policy_Issues-Publication.pdf

## *Beartas Nua maidir le Ré Nua*

Tá tús á chur le ré nua san fhorbairt ar an bhfiontraíocht shóisialta in Éirinn leis an mBeartas seo. Tá ról ag an Rialtas, ag fiontair shóisialta agus ag geallsealbhóirí eile maidir le cuidiú leis an bhforbairt seo ar an bhfiontraíocht shóisialta agus lena thabhairt chun lánaibíochta. Is trí chur chuige an chomhair dá bhrí sin is fearr cur i bhfeidhm an Bheartais a thabhairt i gcrích.

Bhí comhthionscadal taighde a rinne an Fhondúireachta Airgeadais Shóisialta agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail in éineacht i rith thréimhse na mblianta 2017/2018 ina bhonn eolais maidir leis an mBeartas a fhorbairt. Chomh maith le torthaí an tsaothair taighde sin agus an chomhairle ar ar thángthas dá bharr, bhí plé ag ceardlanna agus bearta eile comhairliúcháin ina chuid den obair. Tá saothair eile maidir leis an bhfiontraíocht shóisialta as Éirinn agus tíortha thar lear ina ábhar eolais freisin maidir leis an mbeartas, mar a bhí plé le geallsealbhóirí le linn phróiseas forbartha an bheartais.

Leagtar amach treochlár sa Bheartas don fhorbairt ar an bhfiontraíocht shóisialta i rith na mblianta 2019-2022. Sa dréacht deiridh, luafar sraith de bhearta polasaí a thabharfar i gcrích i gcomhar le geallsealbhóirí éagsúla i rith ré feidhme an bheartais. Beidh bearta ach sin a chuirfear i gcrích go gairid agus bearta eile a mbeidh gá le forbairt leanúnach ina leith ar feadh ré iomlán an bheartais. Ar a n-áireamh le chéile, beidh bealach soiléir i gceist leo maidir le córas na fiontraíochta sóisialta a fhorbairt agus iad ina gcéim tosaigh chun cinn maidir le bonn taca éifeachtúil a chur faoi fhiontair shóisialta in Éirinn agus an leas socheacnamaíochta is mó is féidir a bhaint astu don tsochaí ar fad.

Tá an Beartas bunaithe ar thrí cinn d'aidhmeanna:

**Aidhm Beartais 1: Cur leis an Aird ar Fhiontraíocht Shóisialta**
**Aidhm Beartais 2: Fiontraíocht Shóisialta a Chothú agus a Neartú**
**Aidhm Beartais 3: Comhleanúnachas Beartais Níos Fearr a Bhaint Amach**

Is mór ag an Rialtas an taithí agus an saineolas atá ag fiontair shóisialta agus ag geallsealbhóirí agus féachfar le dlús breise a chur leis an gcaidreamh leosan maidir le hAidhmeanna an Bheartais a thabhairt i gcrích.

Déanfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail comhordú ar chur i bhfeidhm an Pholasaí ar fud an Rialtais agus bunófar Grúpa Forfheidhmiúcháin chun maoirseacht a dhéanamh maidir leis an gcur i bhfeidhm. Ag leanúint le cur chuige an chomhair, gné shuntasach den tionscadal taighde[3], beidh ionadaithe ar an nGrúpa Forfheidhmiúcháin ó na Ranna Rialtais is tábhachtaí chomh maith le geallsealbhóirí fiontraíochta sóisialta. Eagrófar cruinnithe rialta den Ghrúpa a ndéanfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an chathaoirleacht ina leith.

Chomh maith le cruinnithe leis an nGrúpa Forfheidhmiúcháin, beidh Fóram Fiontraíochta Sóisialta á thionól ag an Roinn gach bliain ionas go gcinntítear an caidreamh is leitheadaí is féidir leis na príomhgheallsealbhóirí agus le fiontraithe sóisialta agus go gcuirtear ar a gcumas sin cion tairbhe a dhéanamh maidir leis an mbeartas fiontraíochta sóisialta in Éirinn a fhorbairt go leanúnach agus a chur i bhfeidhm.

Cé go leanfaidh an Beartas go ceann tréimhse ceithre bliana, 2019-2022, cuirfear tús le hathbhreithniú ar an mBeartas tar éis trí bliana d'fhonn athnuachan/leasú, de réir mar is gá, a thabhairt ar an mbeartas go ceann tréimhse eile.

[3] Rinne Grúpa Stiúrtha, ar a raibh ionadaithe thar ceann na Ranna Rialtais príomhthábhachta agus daoine a oibríonn le fiontair shóisialta, maoirseacht maidir leis an obair thaighde.

## 2. Buntuiscint maidir le Fiontair Shóisialta

### *Sainmhíniú ar Fhiontar Sóisialta*

Is iomaí sainmhíniú ar an ní is fiontar sóisialta ann in áiteanna éagsúla ar fud an domhain agus is iomaí córas eagrúcháin in úsáid maidir le fiontair shóisialta i dtíortha seachas a chéile. Ní hionann an sainmhíniú ag brath ar an réigiún den domhan ná ar an gcultúr a bhaineann le limistéir éagsúla.

Ní raibh aon sainmhíniú amháin ar fhiontar sóisialta in úsáid go forleathan i gcomhthéacs na hÉireann go dtí seo, rud a d'fhág deacracht faoi leith maidir le líon na bhfiontar den saghas sin agus lena n-éiríonn leo a thabhairt i gcrích a mheas. D'fhonn na bearta cúnta cuí a chur ar fáil de réir mar atá gá leo, agus d'fhonn slata tomhais a roghnú maidir le líon agus toradh saothair na bhfiontar sóisialta, is tábhachtach an ní sainmhíniú a leagan síos ar a bhfuil i gceist nuair a thagraítear d'fhiontar sóisialta i gcomhthéacs na hÉireann.

De thoradh ar an saothar taighde agus ar bhearta comhairliúcháin ina dhiaidh sin le geallsealbhóirí príomhthábhachta, tá an sainmhíniú seo a leanas in úsáid sa Bheartas seo maidir le fiontar sóisialta i gcomhthéacs na hÉireann:

Is ionann Fiontar Sóisialta agus fiontar a bhfuil toradh sóisialta d'aidhm leis seachas brabús a ghnóthachtáil d'úinéirí nó do gheallsealbhóirí.

Tugtar faoi na haidhmeanna sin a bhaint amach trí dul i mbun trádála - nó féachaint le trádáil a dhéanamh - go seasta leanúnach trí earraí agus/nó seirbhísí a chur ar fáil agus trí athinfheistiú, ar mhaithe leis na haidhmeanna sóisialta a thabhairt i gcrích, a dhéanamh ar aon bharrachas a shaothraítear.

Déanann Bord de chomhaltaí deonacha an fiontar sóisialta a rialú ar bhealach freagrach follasach. Tá an fiontar sóisialta neamhspleách ar an earnáil phoiblí agus má dhéantar é a fhoirceannadh, ní mór na sócmhainní a aistriú go dtí eagraíocht eile ag a bhfuil misean den chineál céanna.

Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir fiontar sóisialta agus eagraíocht de chineál eile mar gheall ar na tréithe sin ar fad a leagtar amach thuas a bheith le tabhairt faoi deara ar an bhfiontar sóisialta.

Tá an sainmhíniú atá in úsáid ag teacht leis an sainmhíniú ar fhiontar sóisialta atá in úsáid ar leibhéal an AE agus ar leibhéal an OECD.

## *An Fhiontraíocht Shóisialta Thar Lear*

Is léir óna dtarlaíonn thar lear gur féidir ról cinniúnach a bheith le fiontair shóisialta maidir le fostaíocht inbhuanaithe a chruthú, dlús sóisialta a chothú, seirbhísí áitiúla a chur ar fáil agus freastal do riachtanais shóisialta, go háirithe i gceantair imeallacha, acmhainní pobail a chur chun feidhme agus seifteanna den nuáil a thabhairt chun cinn maidir le cruacheisteanna sóisialta.

Ón mbliain 2000 i leith, tá níos mó ná 200 tionscnamh nó cáipéis oifigiúil aontaithe agus seolta ag an gCoimisiún Eorpach, agus ag eagrais eile de chuid an AE, ina dtráchtar ar an tábhacht atá le fiontair shóisialta agus ar an tairbhe a bhaineann leo maidir le haidhmeanna socheacnamaíochta mórthábhachta de chuid an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear fostaíocht ardchaighdeáin, cruthú post, comhtháthú sóisialta, teacht ar sheirbhísí, nuálaíocht maidir le cúrsaí sóisialta agus timpeallachta, cultúr na fiontraíochta a chur chun cinn agus forbairt áitiúil agus réigiúnach.

Eascraíonn buntáistí sóisialta agus eacnamaíochta ó bheartaíocht na bhfiontar sóisialta, ina measc:

- deiseanna oiliúna agus fostaíochta a chur ar fáil san fhiontar sóisialta féin agus i réimsí eacnamaíochta níos ginearálta;
- cúnamh taca a chur ar fáil dóibh siúd is mó atá i mbaol agus is mó atá ar an imeall sa tsochaí;
- pobal na háite, faoin tuath agus i gceantair foirgníochta, a chothú;
- déileáil le réimsí easnaimh ó thaobh chúrsaí an mhargaidh;
- dul i ngleic le fadhbanna sóisialta; agus
- borradh a chur faoi chaipiteal sóisialta.

Tá soiléire níos mó maidir leis an acmhainn ionchais a bhaineann leis an bhfiontar sóisialta ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tráth a bhfuil an saoránach níos eolasaí agus níos tuisceanaí maidir le cúrsaí sóisialta agus timpeallachta, is é is dóiche gur mó an fabhar a bheidh leis an bhfiontar sóisialta mar chóras lena dtugtar buntáiste sóisialta agus pobail i gcrích an tráth céanna a mbaintear leas as na gnéithe is fearr den chóras tráchtála.

Tá beartas, straitéis nó creatchóras maidir le fiontair shóisialta leagtha amach ag an gcuid is mó de thíortha an AE agus tá seasamh láidir i bhfabhar na forbartha ar an bhfiontar sóisialta ar leibhéal an AE.

### *An Fhiontraíocht Shóisialta in Éirinn*

Cé gur téarma nua go maith "fiontar sóisialta" in Éirinn, tá nós seanbhunaithe sa tír go dtarlaíonn idirbheartaíocht neamhstáit i saol an phobail agus sa saol sóisialta atá ar aon mheon leis an bhfiontar sóisialta. Is iomaí fiontar sóisialta a d'eascair ó earnáil na n-eagraíochtaí pobail agus sóisialta agus atá ag cur leis an obair a ghabh le tabhairt faoi dheacrachtaí sóisialta san earnáil sin. Tá fiontair shóisialta eile ann ar daoine den lucht fiontraíochta a chuir ar bun iad tar éis fiontar sóisialta a roghnú d'fhonn cur oiread agus is féidir leis an tionchar sóisialta a bheadh ag an bhfiontar agus/nó leis an tairbhe a dhéanfaí don tsochaí.

Maidir leis an earnáil phoiblí, chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, in éineacht le Seirbhís Príosún na hÉireann agus an tSeirbhís Promhaidh, Straitéis maidir le Fiontar Sóisialta le chéile le gairid chomh maith le tionscadail fiontraíochta sóisialta a bhunú d'fhonn cuidiú le hiarchiontóirí filleadh ar an lucht saothair.

Cé nach bhfuil sonraí cuimsitheacha ar fáil faoi láthair maidir le líon na bhfiontar sóisialta in Éirinn ná leis an tionchar iomlán a bhíonn acu – easnamh a mbeifear ag díriú air mar chuid den bheartas seo – cuireann fiontair shóisialta réimse leathan earraí agus seirbhísí ar fáil chomh maith le cuidiú le spriocanna beartais an Rialtais a bhaint amach i réimsí éagsúla, mar shampla an margadh saothair a mhúscailt, cúram sláinte, comhdhlús sóisialta agus forbairt tuaithe.

Tá réimse leathan ag baint le beartaíocht na bhfiontar sóisialta in Éirinn agus bíonn fiontair shóisialta de chineálacha éagsúla ar fáil, na cineálacha seo a leanas san áireamh:

- Fiontar Sóisialta maidir le Dlúthchóiriú ar an Margadh Saothair (WISE),trína gcuidítear le daoine atá faoi mhíbhuntáiste ullmhú don mhargadh saothair agus a bheith páirteach ann,
- Forbairt Fiontraíochta, fiontair shóisialta a chuidíonn le fiontair eile a bhunú (e.g. trí spás agus áiseanna oifige a chur ar fáil),
- fiontair shóisialta mar gheall ar 'Éileamh Éagmaise', a fhéachann le héileamh ar earraí agus ar sheirbhísí a shásamh i gcomharsanacht nach bhfuil dóthain éilimh ann go ndéanfadh an gnáthmhargadh freastal air de bharr míbhuntáiste eacnamaíochta agus sóisialta nó daonra éadlúth,
- fiontair shóisialta timpeallachta a dhíríonn ar chúrsaí inmharthanachta agus timpeallachta,
- Fiontair shóisialta atá ar conradh ag eagrais san earnáil phoiblí maidir le seirbhísí poiblí a chur ar fáil i gceantair agus i gcomharsanachtaí atá faoi mhíbhuntáiste.

Ní le haon réimse amháin acu sin thuas a bhaineann an bheartaíocht a dhéanann fiontair shóisialta áirithe.

Tá aird níos mó á tabhairt ar fhiontraíocht shóisialta in Éirinn mar gheall ar an mbéim atá á leagan ar an eacnamaíocht shóisialta go ginearálta ar leibhéal an AE, an fonn atá ar dhream nua daoine óga cion tairbhe a dhéanamh maidir le haidhmeanna don tsochaí, agus tuiscint níos fearr ar an tionchar socheacnamaíochta chun sochair a bhíonn ó fhiontair shóisialta ar an duine aonair agus ar an tsochaí trí chéile.

Ó thaobh an dearcadh idirnáisiúnta, tá acmhainn mhór foráis agus forbartha ag gabháil leis an bhfiontraíocht shóisialta in Éirinn agus is féidir leas a bhaint as an taithí sa tír seo féin agus as an lón eolais as tíortha eile chun fiontair shóisialta bhríomhara a chruthú atá oiriúnach don chomhthéacs eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir ina bhfeidhmíonn siad. Ar an gcuma chéanna, tá scóip ann taithí na hÉireann ar an bhfiontraíocht shóisialta a chur i láthair ar an leibhéal idirnáisiúnta.

### *Fiontraíocht Shóisialta agus Nuálaíocht Shóisialta*

Chomh maith leis an gcoincheap a ghabhann le fiontraíocht shóisialta, tá modhanna nua maidir le tairbhe shóisialta a chruthú tagtha chun cinn - fiontraíocht shóisialta agus nuálaíocht shóisialta go háirithe.

Is cuid thábhachtach den chóras fiontraíochta sóisialta go ginearálta na fiontraithe sóisialta agus na nuálaithe sóisialta. Déanann siadsan coincheapa agus smaointe chun leasa na sochaí a thabhairt chun cinn agus is minic cúnamh ar fáil acu trí thabhartais daonchairdis nó corparáide a chuireann bonn treise fúthu, a chuireann dlús fúthu agus a fhágann gur féidir a gcuid smaointe a thástáil i dtimpeallacht fhírinneach.

Is minic a tharlaíonn fiontair shóisialta a chur ar bun mar bhealach chun smaointe tionscantacha le fiontraithe sóisialta a thabhairt i gcrích nó le borradh a chur fúthu. Is lú go mór líon na gcineálacha sin d'fhiontair shóisialta in Éirinn faoi láthair ach is iondúil gur mó an acmhainn a bhaineann leis an gcineál sin na smaointe a mhéadú de réir scála go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Tá eagraíochtaí éagsúla in Éirinn a chuireann cúnamh taca ar fáil d'fhiontraithe sóisialta agus do nuálaithe sóisialta le cistíocht agus le bearta eile, mar shampla comhairle, meantóireacht, oiliúint agus deiseanna caidrimh, mar shampla Fiontraithe Sóisialta na hÉireann agus Ciste Fiontraíochta Sóisialta na hÉireann.

### *Sinéirge le gnás traidisiúnta na n-eagraíochtaí Pobail agus Deonacha*

Tá sean-nós láidir in Éirinn maidir le heagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí deonacha ag fónamh don phobal trí sheirbhísí a chur ar fáil i gcásanna nach mbíonn seirbhís ar fáil ón earnáil phríobháideach nó ó earnáil an Stáit go díreach.

Admhaíonn an Rialtas an cion tairbhe a dhéanann earnáil na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha maidir le tabhairt faoi aidhmeanna sóisialta agus is ón obair a dhéanann eagraíochtaí pobail agus deonacha a d'eascair cuid mhór de na fiontair shóisialta. Is iomaí cosúlacht dá bhrí sin idir córas na bhfiontar sóisialta agus cur chuige seanbhunaithe na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha. Tá de dhifríocht, ina ainneoin sin, i gceist leis na fiontair shóisialta go gcuirtear chuig na haidhmeanna a bhaint amach le meon fiontraíochta agus go ngnóthaítear ioncam airgid ó na hearraí agus na seirbhísí a chur ar fáil go leanúnach.

Tá eagraíochtaí pobail agus deonacha ann a bhaineann leas as córas fiontraíochta sóisialta chun roinnt dá gcuid seirbhísí a chur ar fáil. Bíonn, ina dhiaidh sin féin, seirbhísí eile a chuireann na heagraíochtaí sin ar fáil nach bhfuil oiriúnach don chur chuige sin nó nach féidir trádáil a dhéanamh orthu ar bhonn tráchtála; níl, dá réir sin, an bheartaíocht neamhbhrabúis ar fad oiriúnach maidir le fiontraíocht shóisialta. Tá córais soláthair eile a oibríonn go héifeachtúil in earnáil na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha go ginearálta.

Admhaíonn an Rialtas, sa Chreat Beartais don Fhorbairt Áitiúil agus Pobail a foilsíodh sa bhliain 2016, an ról tábhachtach atá le hearnáil na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha agus tá an Rialtas tugtha do bhonn treise a chur faoin earnáil sin leis an *Straitéis chun Tacú le hEarnáil na nEagraíochtaí Pobail agus Deonacha in Éirinn* atá á chur i dtoll a chéile ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i gcomhar le lucht na hearnála.

Ar an *Straitéis chun Tacú le hEarnáil na nEagraíochtaí Pobail agus Deonacha in Éirinn*, an *Beartas maidir le Fiontraíocht Pobail* seo agus an *Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta* atá á leagan amach faoi láthair, a áireamh in éineacht, beidh bonn cuimsitheach oibre ar fáil chun an cur chuige traidisiúnta maidir le heagraíochtaí Pobail agus Deonacha agus córas na bhfiontar sóisialta freisin a chothú agus a neartú ar bhealach comhleanúnach. Is é atá d'aidhm ag an Rialtas a chinntiú go mbíonn réimse iomlán de na bearta cúnta cuí ar fáil ag gach eagraíocht a fhéachann le haidhmeanna ar mhaithe leis an bpobal agus leis an tsochaí a thabhairt i gcrích ar mhaithe le muintir na hÉireann, gan bheann ar an modh oibre a úsáidtear chun a gcuid seirbhísí a chur ar fáil.

## *Cúnamh Taca ar an Leibhéal Áitiúil*

**Na hÚdaráis Áitiúla**

Bíonn ról buntábhachtach leis na hÚdaráis Áitiúla maidir le ceannródaíocht a dhéanamh san fhorbairt shóisialta, eacnamaíochta agus cultúir i gceantair logánta. Luaitear aidhmeanna maidir le cuidiú le fiontair shóisialta sa Phlean Eacnamaíochta Áitiúil agus Pobal ag cuid mhór de na hÚdaráis a thagann faoi mhaoirseacht na gCoistí Pobail agus Forbartha go háitiúil. Bíonn baint ag na hÚdaráis Áitiúla le bearta cúnta éagsúla a chur ar fáil d'fhiontair shóisialta trí thionscnaimh áirithe, ina measc an Clár Gníomhachtúcháin Pobail ar mhaithe le Cuimsiú Shóisialta (SICAP) agus an Clár maidir le Forfheabhsú Pobail.

Féachann Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath, mar shampla, tríd an Oifig Forbartha Eacnamaíochta, bearta páirtnéireachta éagsúla agus Coiste Fiontraíochta Sóisialta Chathair Bhaile Átha Cliath, le bonn treise a chur faoi fhiontraíocht shóisialta straitéiseach inmharthana agus faoi fhorbairt na nuálaíochta sóisialta sa chathair. Áirítear ar an gcúnamh taca a thugtar, oiliúint, meantóireacht, gradaim, acmhainní agus bolscaireacht maidir le fiontair shóisialta.

I gContae an Chláir, chuir Comhairle Contae an Chláir cúnamh struchtúrtha agus cistíocht ar fáil faoi Straitéis Forbartha Tuaithe an Chláir 2017 do Kilmaley Meitheal Co. Ltd. maidir le córas lena ndéanfaí cúram don ghlún scothaosta sa phobal a thabhairt chun cinn.

Rinne Údaráis Áitiúla na hÉireann oibriú i gcomhar freisin le Ciste Nuálaíochta Sóisialta na hÉireann (SIFI) agus le IPB Insurance ar an gCiste Forbartha nua €1.6 milliún maidir le Fiontair Shóisialta a chuirfidh SIFI ar fáil i rith thréimhse na mblianta 2018-2020.

**Na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla**

Tá 49 Cuideachta Forbartha Áitiúil (LDC) ar fud na tíre a chuireann seirbhísí ar fáil maidir le forbairt tuaithe agus pobail, múscailt an mhargadh saothair, ionchuimsiú sóisialta, agus fiontraíocht shóisialta. Bíonn ról fiúntach le cuideachtaí LDC i ndáil le bonn treise a chur faoi fhiontair shóisialta i measc an phobail. I Ros Comáin, mar shampla, tá Cuideachta Forbartha Comhtháite Ros Comáin tugtha go fadtéarmach do thimpeallacht acmhainneach chothaitheach a chruthú d'fhiontair shóisialta sa chontae, idir fhiontair sheanbhunaithe agus fhiontair nuathionscanta araon. Baintear leas as saineolas inmheánach agus cistíocht sheachtrach chun treisiú leis an nuálaíocht agus leis an mbainistíocht éifeachtúil ar fhiontair shóisialta trí Chraobhchóras sainiúil de Bhainisteoirí Fiontraíochta Sóisialta agus clár bliantúil oiliúna sainchóirithe a chur ar fáil.

**Na hOifigí Fiontair Áitiúla (LEO)**

Tá 31 Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) ar fud na tíre, ceann amháin i ngach limistéar Údaráis Áitiúil. Cuireann siad réimse seirbhísí ar fáil agus tá siad ina 'siopa tús beartaíochta' ag daoine atá i mbun gnó nó ar tí dul i mbun gnó, fiontair shóisialta san áireamh, faoi réir ag critéir áirithe a shásamh. Is féidir leo tacaíochtaí 'boga' a chur ar fáil i ndáil le hoiliúint agus meantóireacht (e.g. cúrsa chun Do Ghnó Féin a Bhunú). Ní féidir leo ach tacaíocht dhíreach airgeadais a chur ar fáil do mhicreaghnóthais (10 fostaithe nó níos lú) sna hearnálacha déantúsaíochta agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta, a bhféadfaí, thar thréimhse ama, iad a fhorbairt mar eintitis láidre onnmhairithe.

Oibríonn na hoifigí LEO i gcomhar leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, le Fiontar Éireann agus leis na hÚdaráis Áitiúla. Faoi scáth na Roinne a bhíonn cúrsaí cistíochta agus cúrsaí beartais agus déanann an Lárionad Sárfheabhais i bhFiontar Éireann atá lonnaithe i Sionainn comhordú maidir leis na cláir éagsúla, ag teacht le Beartas Náisiúnta Fiontraíochta na hÉireann.

# 3. Aidhmeanna Beartais a leagan síos

### *Freastal do riachtanais na bhFiontar Sóisialta*

Cé nach raibh, go dtí seo, beartas náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta ag an tír seo, is díol suntais a bhfuil déanta d'obair anailíse agus de shaothar taighde ar an ábhar agus déantar tagairt dóibh sin sa tuairisc taighde a cuireadh ar fáil mar chuid den fhorbairt ar an mBeartas seo. Ar a léamh in éineacht, tá aird á dhíriú sna cáipéisí éagsúla sin ar an ngá atá le beartas slánchóirithe mar bhonn treise faoin bhforbairt ar an bhfiontraíocht shóisialta agus chun cuidiú le leas a bhaint i rith na mblianta seo romhainn as an acmhainn ionchais a bhaineann léi.

Tarraingítear aird sna saothair staidéir éagsúla chomh maith ar nithe mar seo a leanas:

- an acmhainn foráis agus an leas a d'fhéadfadh a bheith ag sochaí na hÉireann as an bhforás sin;
- an tábhacht atá le teacht ar airgead ag fiontair shóisialta;
- an tábhacht atá le cothú acmhainne agus le cúnamh taca gnó ag fiontair shóisialta;
- an gá atá le ceannródaíocht agus le dea-rialachas taobh istigh de na fiontair shóisialta;
- an sochar a bhíonn as feabhas maidir le craobhchórais caidrimh/comharobair; agus
- an gá atá le slata tomhais níos fearr maidir leis an tionchar a bhíonn ag fiontair shóisialta agus le tuiscint níos fearr ar thionchar dá shórt.

Tagann an Beartas seo faoi anáil na saothar taighde sin agus féachtar le straitéis shlánchóirithe a chur ar fáil a ligfidh d'fhiontair shóisialta forbairt bhreise a dhéanamh agus an leas chun sochair is mó a d'fhéadfaí a thabhairt i gcrích a dhéanamh don phobal agus do shochaí na hÉireann tríd an bpríomhchuspóir shóisialta atá leo a chomhlíonadh

Tá an Beartas bunaithe ar thrí cinn d'aidhmeanna:

| | |
|---|---|
| Aidhm Beartais 1: | Cur leis an Aird ar Fhiontraíocht Shóisialta |
| Aidhm Beartais 2: | Fiontraíocht Shóisialta a Chothú agus a Neartú |
| Aidhm Beartais 3: | Comhleanúnachas Beartais Níos Fearr a Bhaint Amach |

Beidh dícheall i gcomhar idir an Rialtas, fiontair shóisialta agus geallsealbhóirí tábhachtacha eile i gceist leis an mbeartas a thabhairt i bhfeidhm agus leis na bearta polasaí a chuireann bonn daingean faoi. Sa chomhthéacs sin, tá mórthábhacht go ginearálta maidir leis an mbeartas seo le feabhas a chur ar an gcaidreamh le fiontair shóisialta.

### *Comhdhlús freagrachta maidir leis an bhfiontraíocht shóisialta*

Nuair nach raibh beartas comhleanúnach ar fáil, bhí an fhreagracht maidir le fiontraíocht shóisialta in Éirinn, go dtí le gairid, beagán scaipthe agus gan cúram ceannródaíochta ina leith á leagan ar aon Roinn Rialtais faoi leith. Tá na scéimeanna trínar féidir le fiontair shóisialta cistí a aimsiú a chuideodh lena gcuid beartaíochta scaipthe go mór ar fud a Ranna éagsúla Rialtais.

Leag an Rialtas an fhreagracht as fiontraíocht shóisialta ar an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i mí Iúil 2017, tráth a bunaithe. Tá na príomhscéimeanna cistíochta trína gcuidítear le fiontair shóisialta tugtha le chéile ag an Rialtas freisin faoi choimirce na Roinne sin. Is ar an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a leagtar an cúram anois maidir le Clár na Seirbhísí Pobail, LEADER agus an Clár Gníomhachtúcháin Pobail ar mhaithe le Cuimsiú Shóisialta (SICAP) a gcuirtear maoiniú do bheartaíocht na bhfiontar sóisialta, agus gnóthaí eile, ar fáil faoina scáth.

Déantar maoiniú d'fhiontair shóisialta a chur ar fáil freisin trí Chiste na gCuntas Díomhaoin. Chuir an Roinn beart nua €2 milliún in aghaidh na bliana maidir le Fiontair Shóisialta ar bun sa bhliain 2017 trí Chiste na gCuntas Díomhaoin, agus súil leis an mBeartas seo maidir le Fhiontair Shóisialta a chur i dtoll a chéile, agus chuir Ciste Nuálaíochta Sóisialta na hÉireann Ciste Forbartha Fiontair Shóisialta €1.6 milliún, le comhchistíocht faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin, ar bun sa bhliain 2017 d'fhonn treisiú le fiontair shóisialta a mhéadú ó scála.

Fágfaidh na sruthanna éagsúla cistíochta sin a thabhairt le chéile faoi choimirce na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail gur féidir na scéimeanna a choinneáil faoi athbhreithniú ionas go gcinntítear go leanann siad, ar a n-áireamh le chéile, den rath a dhéanamh ó thaobh aidhmeanna na Roinne maidir le bonn treise a chur faoi phobal bríomhar, soicheallach, marthanach i gcomharsanachtaí ar fud na hÉireann tríd an soláthar seanbhunaithe maidir le heagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí deonacha nó trí fhiontair shóisialta.

# 4. Aidhm Polasaí a hAon - Aird agus Tuiscint ar Fhiontraíocht Shóisialta a Chothú

Cé go bhfuil sean-nós maidir le fiontraíocht shóisialta in Éirinn, níl soiléire ag baint go fóill leis an tuiscint a bhaintear as 'fiontraíocht shóisialta'. Is minic téarmaí éagsúla, mar shampla fiontar sóisialta, fiontar pobail, fiontraíocht shóisialta, nuálaíocht shóisialta, eacnamaíocht shóisialta, etc., in úsáid i leaba a chéile agus cuireann sin leis an easpa soiléire maidir lena mbaineann le fiontar sóisialta. Ar an gcaoi chéanna, ní thuigtear i gcónaí go mbíonn fiontar sóisialta inchomórtais le fiontair tráchtála eile, ainneoin go mbíonn siad faoi stiúir bhord de chomhaltaí deonacha agus go ndéantar aon bharrachas a ghnóthaítear a athinfheistiú ar mhaithe leis na cuspóirí sóisialta a bhaint amach.

### *Cur leis an eolas agus leis an tuiscint ar an bhFiontraíocht Shóisialta*

Bíonn fiontraíocht agus nuálaíocht i gceist le fiontair shóisialta ionas go dtéann siad i gcion go mór ar dhaoine. Cuirtear feabhas ar an saol atá ag daoine agus dírítear ar dheacrachtaí suntasacha sa tsochaí a shárú. Oibríonn cuid mhór de na fiontair shóisialta in éineacht leis an rialtas, i mbun seirbhísí a chur ar fáil i réimsí éagsúla, mar shampla forbairt phobail, forbairt tuaithe, cúram sláinte agus i mbun díriú ar shaincheisteanna maidir le míbhuntáiste eacnamaíochta agus sóisialta agus cúrsaí comhionannais. Tagann go leor fiontar sóisialta chun cinn ó ghnás traidisiúnta na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha agus/nó bíonn siad ag obair fúthu. Cé gur maith a thuigtear an tairbhe sin a dhéantar don tsochaí agus do chúrsaí eacnamaíochta dóibh siúd a oibríonn le fiontair shóisialta nó i gcomhar leo, ní i gcónaí a thuigtear é ar fud an phobail i gcoitinne.

Ionas gur féidir an acmhainn tairbhe ar fad a bhaineann leis an bhfiontraíocht shóisialta a thabhairt i bhfeidhm, tá gá le comhleanúnachas breise agus le tuiscint níos fearr a chothú i measc an phobail, le gnólachtaí eile agus ar fud an rialtais. Beidh tuiscint ar an bhfiontraíocht phobail a chothú agus a thabhairt chun cinn ina ghné thábhachtach dá bhrí sin de chur i bhfeidhm an Bheartais. Beidh béim faoi leith ar thuairisc níos géire agus ar mhíniú níos fearr ar na torthaí socheacnamaíochta a bhaineann fiontair shóisialta amach.

### *Ról na bhFiontar Sóisialta maidir le haird agus tuiscint a chothú*

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a dhéanfaidh an cheannródaíocht agus an obair mhaoirseachta ar an mBeartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta a chur i bhfeidhm. Ní mór dícheall i gcomhar idir an Rialtas, na fiontair shóisialta agus geallsealbhóirí eile a bhaineann le hábhar chun an beartas a thabhairt i bhfeidhm go héifeachtúil.

Tá eagraíochtaí éagsúla a dhéanann abhcóidíocht ar son fhiontair shóisialta agus fhiontraithe sóisialta in Éirinn. Is léiriú an réimse a bhaineann leis na hionadaithe sin ar an réimse leathan beartaíochta atá ar bun ag fiontair shóisialta, nuálaithe sóisialta san áireamh

chomh maith le fiontair shóisialta atá i mbun trádála go hidirnáisiúnta. Os a choinne sin, fágann an scóip leathan sin maidir le hionadaíocht fiontair shóisialta in áit na míbhuntáiste chomh maith ó thaobh iarrachtaí aon teachtaireacht shoiléir chomhdhlúite amháin a chur in iúl don Rialtas, nó don phobal i gcoitinne, maidir lenar gá a dhéanamh i dtaca leis an bhfiontraíocht shóisialta in Éirinn a fhorbairt.

Cé go leanfaidh eagrais ionadaíochta agus abhcóidíochta faoi leith ag fónamh ar mhaithe lena gcuid comhaltaí, le foilsiú an Bheartais Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn, is tráthúil an deis atá ann ag geallsealbhóirí maidir leis an bhfiontraíocht shóisialta oibriú in éineacht d'fhonn cumarsáid chomhdhlúite, shoiléir, éifeachtúil a dhéanamh maidir leis na bearta príomhthábhachta i ndáil leis an bhfiontraíocht shóisialta in Éirinn. Déanfar ar an gcaoi sin tuiscint níos tréine a chothú maidir leis na haidhmeanna agus leis na riachtanais atá i gcomhar ag fiontair shóisialta. Cuideofar freisin, trí chumarsáid níos éifeachtúla a dhéanamh, le haird níos mó agus tuiscint níos fearr a tharraingt ar an bhfiontraíocht shóisialta san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach agus i measc an phobail i gcoitinne.

Cé gur faoi na fiontair shóisialta féin agus faoi na heagrais ionadaíochta/abhcóidíochta socrú ar an modh cumarsáide is fearr maidir le clár oibre na bhfiontar sóisialta a chur in iúl ar bhealach comheagraithe, is den tábhacht go mbeadh réimse iomlán beartaíochta na ngeallsealbhóirí le sonraí ar an gcumarsáid a dhéantar ionas go gcinntítear an comhleanúnachas agus go gcuirtear le tuiscint an phobail ar fhiontraíocht shóisialta go ginearálta agus ar an leas a dhéantar don tsochaí agus do chúrsaí eacnamaíochta.

Ag cur leis an dea-obair atá déanta go dtí seo ag craobhchórais náisiúnta agus áitiúla atá ceangailte le chéile cheana féin, tá deis ann freisin feabhas a chur ar an gcraobhchaidreamh sa chaoi is go mbíonn sochar breise ag na fiontair shóisialta as. Bheadh feabhas ar an gcaidreamh ar fud na gcraobhchóras atá ar bun cheana féin, nó craobhchórais caidrimh nua a chur ar bun ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, ina chabhair maidir le heolas a mhalartú, foghlaim ó chomhghleacaithe agus oibriú i gcomhar.

**Agus an Beartas seo á chur i bhfeidhm, oibreoidh an Rialtas i gcomhar le geallsealbhóirí maidir leis an bhfiontraíocht shóisialta chun cur leis an aird agus leis an tuiscint ar fhiontair shóisialta, ar fhiontraíocht shóisialta agus ar nuálaíocht shóisialta in Éirinn. D'fhéadfadh go n-áireofaí tionscnaimh beartais de na cineálacha seo a leanas leis na tionscnaimh beartais a dhéanann an Rialtas, tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, chun cuidiú le haird agus tuiscint bhreise a chothú:**

1. **Oibriú go dlúth le geallsealbhóirí maidir leis an bhfiontraíocht shóisialta chun Straitéis Tuisceana a fhorbairt a chuirfeadh leis an aird ar fhiontraíocht shóisialta in Éirinn.**

2. **Eiseamláirí den sárchleachtas a shonrú, i gcomhar le geallsealbhóirí maidir leis an bhfiontraíocht shóisialta, ionas go gcuirtear le tuiscint an phobail ar fhiontair den sórt**

**sin agus go ndírítear aird ar an tairbhe a dhéanann siad don tsochaí agus do chúrsaí eacnamaíochta.**

3. **Fóram Fiontraíochta Sóisialta a eagrú gach bliain ionas gur féidir leis na geallsealbhóirí go léir páirt a ghlacadh i gceapadh an bheartais, i gcothú na tuisceana ar an bhfiontraíocht shóisialta, i scaipeadh eolais agus i malartú eolais maidir le sárchleachtas oibre.**

**Ceisteanna le tabhairt san áireamh**:

- Ar leor na bearta polasaí molta seo chun an aidhm maidir le haird agus tuiscint níos fearr a chothú ar fhiontraíocht shóisialta a thabhairt i gcrích?
- An bhfuil bearta eile a d'fhéadfadh an Rialtas a chur san áireamh maidir le haird agus tuiscint níos fearr ar an bhfiontraíocht shóisialta a chothú agus, má tá, cad iad na bearta sin?

### *Fiontair shóisialta a thionscnamh*

Beidh tuiscint agus aird bhreise ar fhiontair shóisialta tábhachtach maidir le fiontraíocht shóisialta ar leibhéal nua a spreagadh i measc daoine aonair agus dhreamanna éagsúla. Tá ról leis an gcóras oideachais freisin ina leith sin. Tá cora nua den suntas maidir leis an gcóras oideachais agus oiliúna in Éirinn a chuidíonn le coincheap na fiontraíochta sóisialta a chur chun cinn chomh maith le freastal d'éileamh ó dhaltaí agus ó mhic léinn maidir le slí bheatha i réimse na fiontraíochta sóisialta agus na nuálaíochta sóisialta.

Mar shampla, tá leas déanta ag ábhar maidir le fiontraíocht shóisialta agus réimsí gaolmhara a thabhairt isteach mar chuid den churaclam i scoileanna dara leibhéal agus tríú leibhéal in Éirinn maidir le heolas agus tuiscint bhreise ar obair na bhfiontar sóisialta a chothú agus is féidir níos mó arís a chur leis sin. Pléitear le fiontraíocht shóisialta agus le hábhar gaolmhar maidir le saoránacht ghníomhach, gnólachtaí atá airdeallach maidir le cúrsaí sóisialta agus cúrsaí inmharthanachta mar chuid de na curaclaim Dara Leibhéil i ndáil le hábhair seanbhunaithe, mar shampla Gnó, agus le hábhair nua, mar shampla an Pholaitíocht agus an tSochaí agus Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil.

Tá modúil a bhaineann le hábhar ar chúrsaí taighde, cúrsaí bunchéime agus cúrsaí iarchéime, á gcur ar fáil i bhForais Ardoideachais, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Luimnigh ina measc.

Taobh amuigh den chóras foirmeálta oideachais agus oiliúna, oibríonn an clár do Nuálaithe Sóisialta Óga, le cúnamh ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, chun tuiscint shóisialta a chothú i measc ógánaigh idir 15-18 mbliana d'aois in Éirinn trí chreatchórais agus ardáin don oideachas maidir le nuálaíocht shóisialta a chur ar fáil agus a thabhairt gur féidir tionscadail

maidir le gníomhaíocht shóisialta a chruthú ar mhaithe le hathrú sóisialta chun sochair a thabhairt i gcrích.

Ar leibhéal an phobail, cuireann cláir éagsúla de leithéid LEADER, an Clár Gníomhachtúcháin Pobail ar mhaithe le Cuimsiú Shóisialta (SICAP) agus fiontair shóisialta ar mhaithe le Forbairt na Fiontraíochta, bonn treise faoi fhiontair shóisialta nua a chruthú, trí spásanna agus áiseanna tionscanta a chur ar fáil maille le bearta eile.  Tagann go leor fiontar sóisialta chun cinn ó ghnás traidisiúnta na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha.

Luaitear aidhmeanna maidir le cúnamh taca d'fhiontair shóisialta sa Phlean Eacnamaíochta Áitiúil agus Pobail ag cuid mhór de na hÚdaráis Áitiúla agus cuireann Cuideachtaí Forbartha Áitiúla cúnamh taca ar fáil go díreach agus go hindíreach ar bhealaí éagsúla, cláir oiliúna réamhfhiontraíochta, comhairle maidir le smaoineamh gnó a fhorbairt, pleanáil gnó, margaíocht agus leagan amach straitéise, comhairle maidir le cúrsaí soláthair agus comhairle maidir le cistíocht a aimsiú san áireamh.  Áirítear foghlaim ó chomhghleacaithe agus cúnamh maidir le cúrsaí rialachais ar na bearta taca a chuirtear ar fáil go hindíreach.

**Maidir le cur le líon na dtioncsnamh reatha i ndáil leis an bhfiontraíocht shóisialta agus le fiontair shóisialta, d'fhéadfadh, agus an leagan deiridh den Bheartas seo á shocrú, go n-áireofaí tionscnaimh beartais de na cineálacha seo a leanas, mar shampla, leis na bearta polasaí a dhéanann an Rialtas chun cur leis an tionscantacht maidir le fiontraíocht shóisialta:**

4. **Bonn treise a chur faoin nuálaíocht shóisialta agus faoi fhiontair shóisialta nua le cláir agus le tionscnaimh shainiúla.**

5. **Fiosrú a dhéanamh maidir lena bhfuil de scóip breise ag baint i gcónaí le modúil faoi fhiontraíocht shóisialta agus faoi fhiontair shóisialta sa chóras oideachais agus oiliúna.**

6. **Oibriú i gcomhar leis na forais oideachais agus taighde chun treisiú leis an bhforbairt ar an nuálaíocht shóisialta.**

**Ceisteanna le tabhairt san áireamh:**

- Ar leor na bearta polasaí molta seo chun an aidhm maidir le tionscantacht níos minice i leith fhiontraíocht shóisialta a thabhairt i gcrích?

- An bhfuil bearta eile a d'fhéadfadh an Rialtas a chur san áireamh maidir le tionscantacht níos minice i leith fhiontraíocht shóisialta a chothú agus, má tá, cad iad na bearta sin?

# 5. Aidhm Polasaí a Dó - Fiontar Sóisialta a Chothú agus a Neartú

### *Comhthéacs*

Tá bearta cúnta maidir le fiontair shóisialta in Éirinn á gcur ar fáil faoi láthair ag réimse eagraíochtaí éagsúla lena n-áirítear an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Údaráis Áitiúla agus eagraíochtaí taca. Tarlaíonn, ina ainneoin sin, éagsúlacht maidir le héifeachtúlacht an chúnamh taca a bhíonn ar fáil ó chomhlachtaí poiblí i ndáil le freastal do riachtanais dáiríre na bhfiontar sóisialta. Tá d'aidhm leis an mBeartas seo feabhas, ó thaobh réimse, cúrsaí caighdeáin agus comhleanúnachais, a chur ar na bearta cúnta a bhíonn ar fáil d'fhiontair shóisialta ar fud na tíre.

### *Cúnamh taca gnó d'fhiontair shóisialta*

Mar a chéile le fiontair de chineálacha eile a mbíonn leas acu as, bíonn gá ag fiontar sóisialta le cúnamh gnó a chuidíonn lena dtionscnamh, lena neartú go mbíonn inmharthana as a stuaim féin agus le forás a chur orthu.

Is léir ón bpróiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí a bhain le ceapadh an bheartais seo go bhfuil an-fhonn ar fhiontair shóisialta teacht a bheith acu ar chúnamh gnó den sórt sin chun cur leis an bhforbairt ar an bhfiontar, agus ar acmhainn an fhiontair, an tráth céanna a gcoinnítear an bhéim ar na haidhmeanna sóisialta. Tá gá le cúnamh taca maidir le pleanáil gnó, meantóireacht, leathnú acmhainne, ceannródaíocht agus cúrsaí rialachais, tomhas tionchair, pleanáil airgeadais agus le teacht a bheith ar spásanna maidir le gnólachtaí a thionscnamh.

I gcás ghnólachtaí de na gnáthchineálacha, cuireann an Stát bearta taca ar fáil, trí na hOifigí Fiontair Áitiúla agus ar bhealaí eile, a chuidíonn le fiontair a bhunú, a fhorbairt agus a chothú go mbíonn inmharthana. Cé go bhfuil roinnt den chúnamh taca gnó a bhíonn ar fáil do ghnólachtaí de na gnáthchineálacha ar fáil faoi láthair ag fiontar sóisialta chomh maith, faoi réir ag critéir áirithe a shásamh, tarlaíonn ó am go chéile deacracht ar chúiseanna éagsúla ag fiontar sóisialta le cúnamh taca den sórt sin a thapú. D'fhéadfadh easpa tuisceana a bheith ar sholáthraithe seirbhíse go bhfuil fiontar sóisialta ina chóras trádála maidir le gnó earraí agus seirbhísí, fiú más d'fhonn tionchar sóisialta a bhaint amach é. D'fhéadfadh easpa eolais a bheith ar na fiontair shóisialta féin freisin maidir leis an gcúnamh taca a bheadh ar fáil dóibh.

Tá gá, ar an gcéad dul síos, le heolas a chur ar fáil faoin gcúnamh taca gnó atá ar fáil ag fiontar sóisialta agus le bearta cúnta breise a leagan amach atá dírithe go sainiúil ar riachtanais a bhaineann le fiontair shóisialta go háirithe. Ar cheann de na haidhmeanna atá

leis an mBeartas seo, tá eolas a chur ar fáil ar bhealach níos cuimsithí comhleanúnaí faoin gcúnamh taca atá ar fáil, tuiscint níos fearr ar na hacmhainní reatha a chothú chomh maith le húsáid níos minice astu, réimsí easnaimh maidir leis an gcúnamh taca faoi láthair a thabhairt chun suntais, agus féachaint le heasnamh den chineál sin a chúiteamh.

### *Cúrsaí Ceannródaíochta agus Cúrsaí Rialachais*

Bíonn tionchar ag an gceannródaíocht agus ag cúrsaí rialachais ar ghnéithe uile an fhiontair, más gnólacht brabúis nó fiontar sóisialta atá i gceist. Tá tábhacht ar leith leis na bunchlocha sin maidir le hacmhainn forbartha agus foráis an fhiontair.

Díríodh aird faoi leith ar an tábhacht atá le dea-rialachas agus le cothú na ceannródaíochta sa saothar taighde is bun leis an mBeartas seo agus i saothair taighde eile roimhe sin.

Tá leathnú tagtha ar a bhfuil i gceist le comhlíontacht agus le cúrsaí rialachais ar fud na n-earnálacha go léir, idir eagraíochtaí deonacha agus chuideachtaí ilnáisiúnta, agus fágann sin castacht bhreise ag baint leis an mbainistíocht ar eagraíocht ar bith. Tarlaíonn maidir le fiontair shóisialta faoi leith go mbíonn dualgais faoin Acht Carthanas le comhlíonadh chomh maith, réimse a ndéanann an tÚdarás Rialála Carthanas maoirseacht ina leith.

Thagair daoine a d'fhreagair suirbhé ar líne a eagraíodh mar chuid den saothar taighde don ghá atá le cláir faoi leith a bheadh dírithe ar earcaíocht, ar fhorbairt agus ar fhoghlaim na fiontraíochta ag stiúrthóirí Boird, ag comhaltaí Coistí, agus ag an lucht bainistíochta i bhfiontar sóisialta.

**Maidir le feabhas a chur ar na bearta taca gnó agus ceannródaíochta a bhíonn ar fáil ag fiontar sóisialta, d'fhéadfadh, agus an leagan deiridh den Bheartas seo á shocrú, go n-áireofaí bearta de na cineálacha seo a leanas, mar shampla, leis na bearta a dhéanann an Rialtas:**

7. **Eolas maidir leis an gcúnamh taca de chineálacha éagsúla atá ar fáil ag fiontair shóisialta a thiomsú agus a chur ar fáil, chomh maith le mionsonraí faoi sholáthraithe na mbeart cúnta sin.**

8. **Easnamh ar bith a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir leis an gcúnamh taca gnó atá ar fáil ag fiontair shóisialta a thabhairt chun suntais agus oibriú ar easnamh den sórt sin a thabhairt isteach.**

9. **Deis ar chomhairle agus ar chúnamh taca a chuideodh le fiontair shóisialta agus le fiontraithe sóisialta a gcuid moltaí gnó a fhorbairt a chur ar fáil.**

10. **Oiliúint shainchóirithe a chur ar fáil d'fhiontair shóisialta a chuideodh leo feabhas a chur ar an acmhainn gnó chomh maith le scileanna ceannródaíochta agus rialachais.**

**Ceisteanna le tabhairt san áireamh:**

- Ar leor na bearta polasaí molta seo chun an aidhm a thabhairt i gcrích?
- An bhfuil bearta eile a d'fhéadfadh an Rialtas a chur san áireamh maidir leis an aidhm seo a bhaint amach agus, má tá, cad iad na bearta sin?

### *Teacht ar Airgead agus ar Chistíocht*

Chomh maith le cúnamh taca gnó, tá tábhacht freisin le teacht ar airgead agus le cúnamh airgid ag fiontair shóisialta.

Is minic gur trí chláir chun an margadh saothair a mhúscailt a chuirtear cúnamh airgeadais ar fáil d'fhiontair shóisialta in Éirinn. Cuirtear socrúcháin oibre nó oiliúint i bhfiontair shóisialta ar fáil faoi chláir den sórt sin ionas go gcuidítear le daoine dífhostaithe feabhas a chur ar a gcuid roghanna fostaíochta. I gcásanna eile, cuirtear deontais ar fáil d'fhiontair shóisialta, mar shampla trí Chlár na Seirbhísí Pobail (CSP) , a chuidíonn leis an gcostas a thabhairt isteach a ghabhann le ball foirne a fhostú chun seirbhísí áitiúla a chur ar fáil. Tá an CSP tábhachtach go háirithe d'fhiontair shóisialta atá ag obair i ngnás traidisiúnta na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha.

Bíonn an-tairbhe as an gcúnamh taca sin ag na fiontair shóisialta agus ag na daoine a bhíonn sna cláir. Ní móide, ina ainneoin sin, go ndéantar freastal le cláir dá sórt do riachtanais forbartha na bhfiontar sóisialta atá i mbun iomaíochta ar an margadh oscailte. Braitheann cineál na mbearta taca a bhfuil gá leo ar thosca éagsúla, ina measc an earnáil eacnamaíochta ina bhfuil an fiontar ag feidhmiú, riocht forbartha an fhiontair agus scála na fiontraíochta.

Bíonn deacrachtaí éagsúla ag fiontair shóisialta maidir le teacht ar chaipiteal oibriúcháin ó sholáthraithe airgeadais den ghnáthchineál. Is amhlaidh an cás mar gheall ar chineál na seirbhísí a chuireann na fiontair ar fáil a bheith nua, gan comhthaobhacht de na gnáthchineálacha ar fáil acu nó nach dócha sruthanna tréana ioncaim ar fáil acu i rith na mblianta tosaigh. Bíonn roghanna praiticiúla ar fáil le lucht iasachta sóisialta, mar shampla Clann Credo agus Community Finance Ireland, nuair nach mbíonn cistí ar fáil trí sholáthraithe iasachta den ghnáthchineál.

**Maidir le feabhas a chur ar an teacht ar airgead agus ar chistíocht ag fiontar sóisialta, d'fhéadfadh, agus an leagan deiridh den Bheartas seo á shocrú, go n-áireofaí bearta de na cineálacha seo a leanas, mar shampla, leis na bearta a dhéanann an Rialtas:**

11. **Catalógú a dhéanamh ar fhaisnéis maidir leis na scéimeanna airgeadais/cistíochta atá ar fáil d'fhiontair shóisialta ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE agus an fhaisnéis sin a scaipeadh.**

12. **Cásanna easnaimh maidir le scéimeanna airgeadais/cistíochta a thabhairt chun suntais agus oibriú chun cásanna easnaimh a leigheas.**

13. **An deis a bhainfeadh le scéimeanna cistíochta de chineálacha nua d'fhiontair shóisialta a fhiosrú.**

14. **Féachaint le feabhas ó thaobh comhleanúnachais a chur ar na scéimeanna cistíochta ionas go ndéantar freastal d'aidhmeanna na bhfiontar sóisialta gan dochar a dhéanamh do chúnamh taca mar atá ar fáil faoi láthair ag eagraíochtaí Pobail agus Deonacha.**

**Ceisteanna le tabhairt san áireamh:**

- Ar leor na bearta polasaí molta seo chun an aidhm maidir le feabhas ó thaobh teacht ar airgead agus ar chistíocht ag fiontair shóisialta a thabhairt i gcrích?
- Conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar shruthanna cistíochta reatha an rialtais chun cuidiú le fiontair shóisialta?
- An bhfuil bearta eile a d'fhéadfadh an Rialtas a chur san áireamh maidir leis an aidhm seo a bhaint amach agus, má tá, cad iad na bearta sin?

## *Deiseanna Margaidh*

Comhlachtaí trádála is ea na fiontair shóisialta agus tá oiread tábhachta ag na fiontair sin le teacht ar an margadh agus atá ag gnólacht ar bith eile. Beidh teacht níos fearr ar an margadh poiblí (conarthaí leis an earnáil phoiblí san áireamh), ar mhargadh na ngnólachtaí (earraí agus seirbhísí a chur ar fáil do ghnólachtaí eile) agus ar mhargadh an tomhaltóra (earraí agus seirbhísí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne) ina chuidiú ag fiontair shóisialta maidir le borradh a chur faoina gcuid trádála agus bonn treise a chur faoin ngnó ó thaobh cúraí inmharthanacht. Mar a bhíonn i gceist le fiontar d'aon chineál eile, ní mór an teacht ar na margaí sin a bheith ag teacht leis an mbeartas agus leis na rialacha faoi chúrsaí iomaíochta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE.

Tá constaicí áirithe a thagann roimh fhiontair shóisialta maidir le teacht ar an margadh, ina measc ceisteanna sofheictheachta maidir lena gcuid earraí agus seirbhísí ag ceannaitheoirí agus ag conraitheoirí a chuireann gnéithe dá gcuid tionscadail féin ar fochonradh le gnólachtaí níos lú.

Tá eolas breise agus acmhainn bhreise maidir leis na próisis soláthair agus le teacht ar an bhfód le barr éifeachta ar mhargaí éagsúla ar cheann de na bealaí inar féidir le fiontair shóisialta cur lena gcuid rannpháirtíochta ar an margadh. Bheadh leas freisin i gcomhthéacs an tsoláthair phoiblí as treoir chruinn shoiléir maidir leis an mbeartas iomaíochta agus le díláithriú go háirithe.

Beidh bearta a dhéanfar maidir le breis tuisceana a chothú agus le fiontair shóisialta a nearta faoi scáth an Bheartais seo ina gcuidiú chomh maith i ndáil leis an aidhm maidir le cur le deiseanna na bhfiontar sóisialta ar an margadh, más i gcomhthéacs mhargaí gnólacht le gnólacht sin, le margadh an tomhaltóra nó leis an soláthar poiblí.

Is gné bhuntábhachtach de chlár oibre an Rialtais maidir leis an soláthar poiblí go mbeadh réimse gnólachtaí, gnólachtaí beaga agus meánmhéide go háirithe, á spreagadh chun páirt a ghlacadh sa phróiseas tairisceana iomaíochta maidir le conarthaí poiblí. D'fhéadfadh go minic gur fiontar sóisialta is fearr a bheadh i riocht conarthaí de chineálacha áirithe a chomhlíonadh, mar shampla, conradh maidir le seirbhísí do dhaoine i measc an phobail atá faoi mhíbhuntáiste.

**Maidir le feabhas a chur ar an teacht a bhíonn ag fiontair shóisialta ar an margadh, d'fhéadfadh, agus an leagan deiridh den Bheartas seo á shocrú, go n-áireofaí bearta de na cineálacha seo a leanas, mar shampla, leis na bearta a dhéanann an Rialtas:**

15. **Cuidiú le cothú acmhainne maidir le próisis soláthair i bhfiontair shóisialta trí cheardlanna agus bearta oiliúna.**
16. **Oibriú le geallsealbhóirí chun bealaí a aimsiú ina bhféadfaí feabhas a chur ar na deiseanna a bhainfeadh leis an slabhra soláthair gnólacht le gnólacht ag fiontair shóisialta.**
17. **Cuidiú leis an lucht ceaptha beartais tuiscint níos fearr a fháil ar bhealaí inar féidir réimse an tsoláthair a úsáid chun aidhmeanna maidir leis an bpolasaí sóisialta a chur chun cinn taobh istigh de na treoirlínte cuí maidir leis an soláthar poiblí.**

**Ceisteanna le tabhairt san áireamh:**

- Ar leor na bearta polasaí molta seo chun an aidhm maidir le feabhas ó thaobh teacht ar an margadh ag fiontair shóisialta a thabhairt i gcrích?
- An bhfuil bearta eile a d'fhéadfadh an Rialtas a chur san áireamh maidir leis an aidhm seo a bhaint amach agus, má tá, cad iad na bearta sin?
- Cé na bearta ar chóir don Rialtas tús áite a thabhairt dóibh maidir leis an aidhm seo a thabhairt i gcrích?

# 6. Aidhm Polasaí a Trí - Comhleanúnachas Beartais níos Fearr a Bhaint Amach

### *Ceangal le beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta*

Mar a leagtar amach sa Bheartas seo, tá an Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn ar cheann de shraith tionscnamh chun treisiú le heagraíochtaí neamhbhrabúis. Ar na tionscnaimh beartais eile, áirítear *An Straitéis chun Tacú le hEarnáil na nEagraíochtaí Pobail agus Deonacha in Éirinn* agus an *Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta* nua.

Tá an fhiontraíocht shóisialta ar siúl ar fud na sochaí agus na heacnamaíochta go léir d'fhonn deacrachtaí sóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta a shárú. Bíonn plé ag cuid mhór de na fiontair shóisialta le scéimeanna cistíochta agus cláir eile de chuid an rialtais, maidir le réimsí iomadúla, ina measc an beartas maidir leis an margadh saothair, forbairt tuaithe agus pobail, cúram sláinte, ionchuimsiú sóisialta agus an beartas comhshaoil.

Déanann fiontair shóisialta leas freisin i ndáil le Cuspóirí na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inmharthana a thabhairt i gcrích. Tá d'aidhm leis na Cuspóirí sin inmharthanacht, rachmas agus síocháin níos mó a bheith i ndán don saol faoin mbliain 2030 trí dheireadh a chur le bochtaineacht, an timpeallacht nádúrtha a chaomhnú, dul i ngleic le héagothromaíocht agus treisiú le cearta an duine in Éirinn agus ar fud an domhain.

Is gá tuiscint níos fearr a chothú ar an gceangal atá idir beartas an rialtais agus an fhiontraíocht shóisialta ionas go gcinntítear comhordú á dhéanamh maidir le bearta athbhreithniúcháin ar an mbeartas seo agus ceapadh an bheartais ar fud an Rialtais, nuair a bhaineann le hábhar, ar bhealach atá ag teacht leis an mBeartas Náisiúnta seo maidir le Fiontraíocht Shóisialta.

I bhfianaise a bhfuil de bhéim á leagan ar leibhéal an AE ar fhiontraíocht shóisialta agus ar an eacnamaíocht shóisialta go ginearálta, tá deis ag fiontair shóisialta chomh maith buntáiste a bhaint as an gcaidreamh dlúth ar leibhéal an Rialtais le cora nua i mbeartas an AE.

Cuideoidh iniúchadh níos géire ar na scéimeanna cistíochta éagsúla agus na roghanna maidir le cúnamh taca d'fhiontair shóisialta atá ar fáil ag an AE freisin leis an dóigh a mheas go bhféadfadh fiontair shóisialta de chuid na hÉireann cúnamh den chineál sin a thapú.

Beidh leas chomh maith as ceangal agus caidreamh a chothú leis an OECD agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile i ndáil leis an mbeartas maidir le fiontraíocht shóisialta.

**Maidir le comhleanúnachas níos fearr i ndáil le beartais a bhaineann le fiontair shóisialta, d'fhéadfadh, agus an leagan deiridh den Bheartas seo á shocrú, go n-áireofaí bearta de na cineálacha seo a leanas, mar shampla, leis na bearta a dhéanann an Rialtas:**

**18. Teacht ar thuiscint níos fearr faoin gceangal idir réimsí beartais ar fud an Rialtais fiontair shóisialta a bhaineann le hábhar na bhfiontar sóisialta ionas go gcinntítear comhleanúnachas breise maidir leis an bhfiontraíocht shóisialta agus go gcuirtear le hacmhainn na bhfiontar sóisialta cion tairbhe a dhéanamh i ndáil le haidhmeanna beartais a thabhairt i gcrích.**

**19. Cinntiú go ndéanann an tír seo caidreamh dlúth maidir le cora nua sa bheartas maidir le fiontraíocht shóisialta ar an leibhéal idirnáisiúnta ionas gur féidir le hÉirinn tionchar a imirt ar an mbeartas idirnáisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta a thagann chun cinn agus, nuair a bhaineann le hábhar, gur féidir le fiontair shóisialta leas a bhaint as cúnamh taca idirnáisiúnta.**

**Ceisteanna le tabhairt san áireamh:**

- Ar leor na bearta polasaí molta seo chun an aidhm maidir le comhleanúnachas beartais níos fearr i ndáil fiontair shóisialta a thabhairt i gcrích?
- An bhfuil bearta eile a d'fhéadfadh an Rialtas a chur san áireamh maidir leis an aidhm seo a bhaint amach agus, má tá, cad iad na bearta sin?
- An bhfuil réimsí faoi leith de bheartas an Rialtais a tharraingíonn deacrachtaí d'fhiontair shóisialta nó a bhféadfaí feabhas a chur orthu?
- Cé na bearta ar chóir don Rialtas tús áite a thabhairt dóibh maidir leis an aidhm seo a thabhairt i gcrích?

### *Sonraí agus Tionchar*

Tarraingítear aird i roinnt tuarascálacha maidir leis an bhfiontraíocht shóisialta in Éirinn ar a laghad fianaise agus sonraí iontaofa atá ar fáil maidir le scóip agus forleithne na bhfiontar sóisialta agus an cion tairbhe a dhéanann siad in Éirinn. Luaitear, ina dhiaidh sin is uile, i dtuarascáil le Forfás sa bhliain 2013 gur cuid bheag den bhonn fiontraíochta atá ann a bhfuil borradh faoi agus go bhféadfadh breis fostaíochta agus dea-thoradh eacnamaíochta a theacht uaidh.

Téama príomhthábhachta maidir leis an obair thaighde a rinneadh mar bhunús leis an mBeartas seo is ea an gá atá le sonraí faoin bhfiontraíocht shóisialta a chnuasach agus le tuiscint níos mine ghéire a fháil ar an tionchar sóisialta agus eacnamaíochta a tharlaíonn dá bharr. Tá bunghá mar lón eolais i ndáil le ceapadh an bheartais i rith na mblianta seo romhainn le heolas a fháil ar réimse, ar scóip agus ar thionchar na bhfiontar sóisialta. Ní

foláir, ina leith sin, díriú ar an easnamh maidir le sonraí cuimsitheacha iontaofa faoi láthair a leigheas.

Rinneadh bearta mapála éagsúla chun an scála a bhaineann le fiontraíocht shóisialta i limistéir áirithe a shonrú. Is féidir, mar chuid de chur i bhfeidhm an Bheartais seo, leas a bhaint as an modh oibre a tugadh chun cinn i leith na mbearta mapála sin mar bhunús le hobair bhreise tagarmharcála maidir le scála na beartaíochta.

**Maidir le comhleanúnachas níos fearr i ndáil le beartais a bhaineann le fiontair shóisialta, d'fhéadfadh, agus an leagan deiridh den Bheartas seo á shocrú, go n-áireofaí bearta de na cineálacha seo a leanas, mar shampla, leis na bearta a dhéanann an Rialtas:**

**20. Feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir le hoiread na fiontraíochta sóisialta a bhíonn ar siúl agus leis na réimsí ina bhfeidhmíonn fiontair shóisialta.**

**21. Deismireachtaí a thabhairt chun cinn trína ndéanfar tionchar sóisialta agus eacnamaíochta na bhfiontar sóisialta ar fud réimse iomlán na fiontraíochta sóisialta a thomhas.**

**Ceisteanna le tabhairt san áireamh:**

- An bhfuil bearta eile a d'fhéadfadh an Rialtas a chur san áireamh maidir le bonn fianaise iontaofa a chur ar bun maidir le fiontair shóisialta?
- Cé na bearta ar chóir don Rialtas tús áite a thabhairt dóibh maidir leis an aidhm seo a thabhairt i gcrích?

## 7. Cur i bhFeidhm an Bheartais agus Cúrsaí Maoirseachta

Is léiriú an *Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn* ar dhúthracht an Rialtais i ndáil le bonn daingean a chur faoin fhorbairt na fiontraíochta sóisialta in Éirinn. Tá na bunphrionsabail seo a leanas ina ndlúthchuid den Bheartas:

| | |
|---|---|
| **Páirtnéireacht** | Tá aird ar an taithí ollmhór maidir le fiontraíocht shóisialta agus ar an gcomharobair idir an rialtas agus na príomhgheallsealbhóirí ina ghné bhuntábhachtach den rath a bheidh ar an mBeartas seo arna chur i bhfeidhm i gcomhar. |
| **Neamhchlaontacht** | Pléifidh an Rialtas go neamhchlaonta le geallsealbhóirí fiontraíochta sóisialta maidir leis an mBeartas seo a chur i bhfeidhm agus féachfar le timpeallacht a chruthú lena mbaineann iontaoibh agus muinín maidir leis na bearta a thagann faoina scáth a thabhairt i gcrích. |
| **Comhleanúnachas** | Tá buntábhacht maidir le creat náisiúnta beartais den éifeacht le comhleanúnachas idir polasaithe agus bearta agus beidh an Rialtas ag féachaint le feabhas a chur ar chomhfheidhmiúlacht na mbeartas maidir le ceisteanna a mbíonn baint ag fiontair shóisialta leo. Beidh sinéirge á chinntiú ag an Rialtas freisin idir an Beartas seo agus tionscnaimh eile a chuidíonn le hearnáil na n-eagraíochtaí Pobail agus Deonacha. |
| **Éifeachtúlacht** | Cuirfear cúnamh taca ar fáil d'fhiontair shóisialta ar bhealach a chuireann breisluach ar fáil, atá follasach, atá dírithe ar an toradh agus a chuireann le héifeachtúlacht agus le hinmharthanacht an fhiontair shóisialta maidir leis na haidhmeanna sóisialta a thabhairt i gcrích. |
| **Comhionannas** | Cinnteofar go dtreisíonn an Beartas le gealltanais an Rialtais maidir le comhionannas, cearta an duine agus comhdhlús sóisialta, na hiarrachtaí Cuspóirí na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inmharthana a thabhairt i gcrích in Éirinn san áireamh. |

Leagtar amach aidhmeanna sa dréacht seo den Bheartas maidir le fiontraíocht shóisialta in Éirinn agus moltar na bearta atá le cur i bhfeidhm chun na haidhmeanna polasaí sin a thabhairt i gcrích.

Beidh cur chuige an chomhair, idir an Rialtas agus na fiontair shóisialta féin, de dhíth chun an Beartas a chur i bhfeidhm go fóirsteanach. Cothóidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Roinn ar a leagtar de chúram comhordú a dhéanamh maidir leis an mBeartas, caidreamh leanúnach le réimse geallsealbhóirí i gcúrsaí fiontraíochta sóisialta d'fhonn comhthuiscint ar thábhacht an Bheartais agus comhoibriú maidir lena thabhairt i bhfeidhm a chinntiú.

Admhaítear gur iomaí eagraíocht a chuireann cláir oiliúna sainchóirithe agus cúnamh taca de chineálacha eile ar fáil d'fhiontair shóisialta faoi láthair. Agus na bearta polasaí á gcur i bhfeidhm, cinnteoidh an Rialtas go mbíonn tréith na follasachta ag rith le gach próiseas tairisceana agus iad ar fad oscailte maidir le gach páirtí ar ábhar spéise dóibh iad.

Déanfar freisin Grúpa Forfheidhmiúcháin, faoi chathaoirleacht na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, a chur ar bun chun maoirseacht a dhéanamh maidir leis an dul chun cinn i ndáil leis an mBeartas a chur i bhfeidhm. Beidh ionadaithe ar an nGrúpa sin thar ceann na Ranna Rialtais príomhthábhachta agus na ngeallsealbhóirí i gcúrsaí fiontraíochta sóisialta.

Déanfar comhordú dlúth ar an mBeartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta a chur i bhfeidhm in éineacht leis an *Straitéis chun Tacú le hEarnáil na nEagraíochtaí Pobail agus Deonacha in Éirinn* agus an *Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta* ionas go gcinntítear beartas comhleanúnach agus bearta cúnta atá ag teacht le chéile i ndáil le fiontair shóisialta agus eagraíochtaí neamhbhrabúis eile.

Leanfaidh an beartas seo i bhfeidhm go ceann tréimhse ceithre bliana 2019-2022. Cuirfear tús le hathbhreithniú ar an mbeartas tar éis trí bliana d'fhonn athnuachan/leasú, de réir mar is gá, a dhéanamh ar an mbeartas ar feadh tréimhse breise.

